www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Imscrúduithe agus Léirmhínithe Staire

SHY11

## [SHY11]
## DÉ CÉADAOIN 16 BEALTAINE, IARNÓIN

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá curtha ar fáil.
Níl ach **Rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

www.xtrapapers.com

## Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b) agus** Ceist **2**.

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.**

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Déan anailís ar cad chuige a raibh éagobhsaíocht pholaitiúil i bPoblacht Weimar idir 1919 agus 1923. [10]

**Nó**

**(b)** Déan anailís ar na grúpaí éagsúla sa Ghearmáin a chuir in éadan agus a sheas an fód in aghaidh réimeas na Naitsithe sa tréimhse 1939–1945. [10]

**2** Léigh Foinse 1, Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Cruthú Dheachtóireacht na Naitsithe 1933–1934**

**Foinse 1**
Sliocht as cuimhní cinn Rudolf Diels, a foilsíodh in 1950. Ba é Diels an chéad cheannaire ar an Gestapo go dtí gur briseadh as a phost é in Aibreán 1934. Tá sé ag tabhairt chun cuimhne Tine Reichstag ar thráthnóna 27 Feabhra 1933.

> Go gairid i ndiaidh dom an Reichstag a bhí trí thine a bhaint amach, tháinig bodaigh mhóra ón Pháirtí Shóisialach Náisiúnta ar an láthair. Tháinig Göring chugam. Bhí a ghuth trom leis an tocht a bhain leis an ócáid dhrámata. Ar seisean: “Seo tús le héirí amach na gCumannaithe, cuirfidh siad tús lena n-ionsaí anois.” Thiontaigh Hitler i dtreo na ndaoine a bhí i láthair. Chonaic mé go raibh dath corcra ar a aghaidh le corraíl agus leis an teas a bhí ag ardú i gcruinneachán an Reichstag. Scairt sé go fiáin mar nach bhfaca mé ariamh, mar a bhí sé ag dul a phléascadh. Dúirt Hitler: “Ní bheidh trócaire ar bith ann anois. Duine ar bith a chuireann inár n-éadan, beidh deireadh leis. An áit a bhfuil feidhmeannach Cumannach, scaoilfear é. Ní mór dúinn na hionadaithe Cumannacha a chrochadh díreach an oíche anocht. Is gá gach duine a bhaineann leis na Cumannaithe a ghabháil.” Thug mé tuairisc ar thorthaí na chéad cheistiúchán ar Marinus van der Lubbe, ag cur in iúl do Hitler go raibh Lubbe, dar liomsa, ina dhuine craiceáilte. An admháil a rinne sé dá thoil féin, chuir sé ina luí orm go raibh sé ag feidhmiú ar a aonar. Ach bhí mé ag plé seo leis an duine chontráilte agus rinne Hitler ceap magaidh díom.

www.xtrapapers.com

**Léirmhíniú A**
Sliocht as *A History of Nazi Germany*, le J.W. Bendersky, a foilsíodh in 1985.

> Ní bheadh "Réabhlóid Dhlithiúil" Hitler curtha i gcrích go dtí Lúnasa 1934. D'úsáid sé cumhacht an stáit lena smacht a dhaingniú, le cur in éadan a scriosadh agus le réabhlóid ón bharr anuas a thosú. Bhí cur i gcéill na dlíthiúlachta ríthábhachtach as ligean do Hitler níos mó agus níos mó cumhachta a bhaint amach. Bhí toghcháin Reichstag ar 5 Márta 1933 mar chuid dá straitéis iomlán dhleathach, de bhrí go dtabharfadh siad mandáid phobail dó maidir le rialú a pháirtí. D'fhéadfadh tromlach Naitsíoch dlí a dhéanamh de pholasaithe na Naitsithe go dleathach. Le linn an fheachtais toghchánaíochta, mar gheall ar an Tine Reichstag, d'eisigh an tUachtarán Hindenburg an Fhoraithne le haghaidh Chosaint na nDaoine agus an Stáit. Chuir an fhoraithne ar fionraí an chuid is mór de shaoirsí sibhialta agus rinneadh cur faoi chois na gcumannaithe dleathach. Ba é Dlí Údaraithe an 24 Márta 1933 an chéim ba ríthabhachaí leis an deachtóireacht Naitsíoch a chur ar bun. Chuir an Dlí Údaraithe Hitler san áit a dtiocfadh leis an stát a athrú go dleathach.

*© A history of Nazi Germany by Joseph W. Bendersky (ISBN: 978-0882298290) Published by Nelson Hall, 1985*

**Léirmhíniú B**
Sliocht as N*azism 1919–1945*, le J. Noakes agus G. Pridham, a foilsíodh in 1983.

> Sna léirmhínithe sin a chuir béim ar an dlíthiúlacht, mar dhea, a bhain le gabháil cumhachta na Naitsithe, níor measadh mar mar ba cheart in amanna an méid foréigin agus imeaglaithe a bhí in úsáid ag na Naitsithe. Ba ghné thábhacht i straitéis Hitler é gan dabht gur caomhnaíodh cosúlacht na dlíthiúlachta. Ach ní raibh i gceist ansin ach gné amháin den scéal. Bhí an gabháil cumhachta gach aon rud ach síochánta i ndáiríre. Le linn Márta 1933, cuireadh tús le réabhlóid ón bhun aníos ó thaobh na n-eagraíochtaí Naitsíocha áitiúla de a chuir isteach ar riarachán an Stáit ar bhonn iomlán randamach le linn 1933. Bhris an brú ón bhun aníos amach mar fhoréigean fíochmhara in éadan naimhde an Pháirtí. Bhí réimeas sceimhle agus imeaglaithe le leanúint, a tháinig go cnámh na huillinne i Meitheamh 1934.

*© Nazism 1919-1945, 1: The Rise to Power, 1919-34 by Jeremy Noakes and Geoffrey Pridham (ISBN: 978-0859891745) Published by University of Exeter Press, 1983*

**(a)** **Déan Staidéar ar Fhoinse 1**. Cé chomh húsáideach agus atá Foinse 1 mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéar ar iarmhairtí Thine Reichstag? Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra. [20]

**(b)** **Déan Staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.** Bíonn dearcthaí difriúla ag staraithe maidir le saincheisteanna áirithe. An dá fhoinse agus an tuiscint atá agat ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu den dá léirmhíniú dhifriúla seo, dar leat, atá níos inchreidte maidir leis na dóigheanna a d'úsáid na Naitsithe le deachtóireacht a chruthú sa tréimhse 1933–1934? [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

11360.04